C/2024/6353

7.11.2024

P9_TA(2024)0062

Poblacht na Fraince a chumhachtú chun comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht (COM(2023)0328 – C9-0205/2023 – 2023/0192(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/6353)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0328),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0205/2023),

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá molta,

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2019 ([1]),

— tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Nollaig 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 52, 59 agus 40 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0018/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C, C/2023/879, 8.12.2023, ELI: https://data.europa.eu/eli/C/2023/879/oj.

P9_TC1-COD(2023)0192

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Feabhra 2024 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht do Phoblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht a chaibidil, a shíniú agus a thabhairt i gcrích

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2024/867).